

Ba chóir an páipéar seo a thabhairt d'iarrthóirí ar an: 6 Bealtaine, 1999.

181

EALAÍN OBair CHEARDAÍOCHTA - ARDHLEIBHÉAL

13 BEALTAINÉ, MAIDIN 9.30 – 12.00 TRÁTHNÓNA 2.00 – 4.30

Tá 100 marc ag dul don pháipéar seo.

TREORACHA

- (a) Is ceadmhach úsáid a bhaint as cibé ábhair agus uirlisí is gá leis na trialacha a chríochnú.
 - (b) Is ceadmhach úsáid a bhaint as foinsí dearaidh ar nós duilleoga, coirt, adhmaid farraige, snámha, sliogáin, plandaí, bláthanna, páirteanna de mheaisíní agus araile.
 - (c) Tá ort d'Uimhir Scrúdaithe a scríobh go soiléir ar gach bileog líníochta, ar d'obair cheardaíochta agus ar an lipéad atá greamaithe go daingean de d'obair cheardaíochta. Ba chóir freisin uimhir na ceiste, an cineál ceardaíochta agus an leibhéal atá tógtha agat - Ardleibhéal - a scríobh ar an lipéad chomh maith.
 - (d) Cuirtear i gcuimhne d'iarrthóirí gur gá sceistsí ullmhúcháin a tugtar isteach san ionad scrúdúcháin mar chabhair leis an gcuimhne a chur isteach sa chlúdach i dteannta leis an obair cheardaíochta chríochnaithe.
 - (e) Is gá réamh-sceistsí de d'obair cheardaíocht a chur isteach i dteannta le d'obair cheardaíochta chríochnaithe.
- N.B. Déantar na réamh-sceistsí thuasluaite a chur i gcrích i rith an tréimhse an scrúdaithe agus ní hionann iad agus na sceistsí ullmhúcháin a ceadaítear duit a bhreith isteach leat sa seomra scrúdaithe mar chabhair leis an gcuimhne.

ROGHNAIGH CEANN AMHÁIN DE NA CEARDAÍOCHTAÍ SEO A LEANAS

1. LEABHARCHEARDAÍOCHT

Dear agus déan fillteán do nótaí agus do ghearrtháin ar CLÁIRSEACHA AGUS GIOTÁIR NÓ SEODRA AGUS CLOCHA SEOID

Bain úsáid as ábhair, dath agus litreacha oiriúnacha.

2. PEANNAIREACHT

- (a) Roghnaigh ceann de na téacsanna seo a leanas. Déan ceapachán cothrom agus litreoireacht sciliúil, léiritheach agus íomhánna shimplí á n-úsáid agat a chuideoidh le brí an téics a chur in iúl. Is féidir úsáid a bhaint as cuid den téacs nó as an téacs iomlán.

NÓ

- (b) Roghnaigh ceann de na téacsanna seo a leanas mar inspioráid do cheapachán cothrom agus litreoireacht sciliúil agus léiritheach á úsáid agat. Is féidir leat dath, éagsúlacht méide sna litreacha, teicníochtaí innigh nó colláis nó leagan amach neamhchoitianta a thabhairt isteach de réir mar is cuí.

TÉACS 1:

Na Bundathanna

Dearg an dath is deimhní de na dathanna ar fad. Comhcheanglaítear é leis na rudaí seo a leanas: an Nollaig, fuil, gadhair gunna Éireannacha, feoil, stadchomharthaí, anlann trátaí, rúibíní, sean-shulocháin amharclainne, caipíní Turcacha, vailintíní, cairdinéil, tine ina caor agus piobarchaora cillí. Cúlreann sé an mhairtíreacht, ifreann, grá agus óige in iúl.

Aisteach go leor, 'sé buí an dath is annsa le páiste. Tá an Cháisc buí. Mar atá an t-Earrach agus cuid mhór d'áilleacht an Fhómhair. Is é, dath na gréine croiúil, im, airsnic, spúinsí, solas coinnle agus faichí griandóite é. Léiríonn sé críonacht, soilsiú agus imfhios.

Dath mistéireach is ea gorm, dath na breoiteachta agus na huaisleachta, an dath is annamhaí sa dúlra. Gorm dath na héiginnteachta, bándhath na rudaí domhínithe, na rudaí gruama agus rudaí gan choinne (an rud is annamh is íontach, mar a bheadh splanc ann). Tá dath gorm ar theanga Madraí Síneacha agus is gorm atá sprae na bprátaí in Éirinn.

[ó Na Bundathanna le Alexander Theroux]

NÓ

TÉACS 2:

Sár-Chailíní

Cailleacha is ea an triúr deirfiúr,
is fíor go bhfuil siad go hálainn,
ach cailleacha is ea iad mar sin féin.
Tá siad uile gléchraiceannach le
gruaig geal bán agus súile gorma éadroma.
Tá siad lán-ábailte, ar d'aghaidh amach,
fíor mhuca a dhéanamh as daoine muicealacha
agus iad a iompú arais arís i ngan fíor dóibh.

[John Huston, déantúsóir scannán]

NÓ

- (c) Dear póstaer ina gcuideoidh an stíl, dath agus cóiriú na LITREOIREACHTA leis an teachtaireacht a mhíniú. Is féidir iomhánna a úsáid. Is fearr litreoireacht phearsanta, déanta ag an duine, a úsáid seachas stionsail atá táirgthe go tráchtálach.

Roghnaigh CEANN AMHÁIN de na téamaí seo a leanas:

- (i) IASC MÓR, LOCHÁN BEAG, (ii) SCLÁBHAITHE AG AN MEAISÍN,
(iii) NÁ BREATHNAIGH FÚT!

3. FÍODÓIREACHT

- (a) Ag baint feidhme as na dathanna dorcha nó geala thíosluaite dear agus figh (i) bréidín le patrún fíneáilte, a bheadh oiriúnach do fhábraic faisean NÓ (ii) bréidín an-phatrúnaithe a bheadh oiriúnach do chuiríní nó do fheistias seomra.

- Dorcha: donn, rua meirgeach, marún, corcra, oráiste, dearg, gorm.
- Geal: bán, leathbhán, béas, bándhathanna - liathchorcra, liath, bándearg, uachtar.

Bain feidhm as snáthanna éagsúla agus cuir isteach uigí éagsúla.

NÓ

- (b) Dear agus figh taipéis bheag bunaithe ar cheann amháin díobh seo a leanas:-
(i) An t-Uisceadán, (ii) Mar a bheadh splanc ann, (iii) D'aghaidh féin.

N.B. Bain feidhm as snáthanna agus as uigí éagsúla san inneach. Is ceadmhach ábhair eile a úsáid chun cur le héifeachtacht do dhearadh.

4. LÍONÓILGHEARRADH

Dear agus déan prionta bunaithe ar CEANN AMHÁIN díobh seo a leanas:-

- (a) Croitheadh lámh (b) Leath gealaí os cionn ár mbaile/gceantar (c) Steirió pearsanta le cluasáin (d) Féinphortráid.

Bain feidhm as trí dhath ar a laghad.

5. PUIPÉADACHT

Dear agus déan puipéad buan, inoibrithe de CEANN AMHÁIN díobh seo a leanas. Is gá sceitsí ullmhúcháin agus réamhsceitsí do dhearadh a chur isteach i dteannta le do phuipéad slánaithe.

- (a) An Lochlannach (b) Vincent Van Gogh (c) Bain úsáid as an dán thíos, le Chaucer mar phointe tosaithe do phuipéad.

Leaid sé chloch déag ab ea an *Muilleoir*,
Fear teann téagartha, i gcráiceann agus i gcnámh.
Leathan, casta agus gearrghuaileach, dhéanfadh sé maíomh
Go raibh ar a chumas doras ar bith a tharraingt dá insí agus dá tháirseach,
Nó rith ina leith agus é a bhriseadh lena cheann.
Bhí a fhéasóg dearg, ar nós cráin mhúice nó madra rua
Bhí sé leathan chomh maith, cosúil le spáid;
Agus ar bharr a shrón bhí faithne
Ar a raibh tom gruaige
Thalltín sé leis a phiopaí a sheinnt, suas is anuas
Agus b'shin mar a thug sé as an mbaile sinn.
Chaucer

6. **SCÁTHLÁNPHRIONTÁIL**

Dear agus déan prionta bunaithe ar cheann amháin de na téamaí seo a leanas:-

- (a) Mactírí ag an doras (b) Cloigeannchnámha (c) Fáiscthe as tiúb (d) Gaiste Luch.

7. **TEICSTÍLÍ LÁMHPHRIONTÁILTE agus BAITIC**

- (a) Úsáid "corónacha, coróinéid, leathaghaidheanna, boinn airgid, caimeo, monógraim, eirmín" nó "símhná, saitir, ragairnéalaithe ag damhsa, nimeacha, Pan, plásóg choille".
Déan na cruthanna a nascadh le cheile chun gluaiseacht a chruthú tríd an dearadh. Bain feidhm as ar a laghad trí dhath agus forphriontáil.

NÓ

- (b) Dear agus priontáil painéal 60cm x 60cm sa toise is lú, bunaithe ar
(i) Carraigreacha agus tonnta nó (ii) ábhar neamhbheo den stíl chiúbach.

Déan gluaiseacht a chruthú i do dhearadh. Bain feidhm as ar a laghad trí dhath agus forphriontáil.

NÓ

BAITIC

- (c) Agus an fabraic oiriúnach in úsáid agat, ciar agus dathaigh dearadh do phainéal, 50cm cearnach, atá bunaithe ar CEANN AMHÁIN acu seo a leanas:

- (i) crann aonraic i ngort arbhair ollmhór. **nó**
(ii) síneann an madra é féin amach ar an ruga os comhair an tine.

8. **CRIADÓIREACHT** Roghnaigh CEANN AMHÁIN acu seo a leanas:-

- (a) Dear agus déan i gcré coimeadán, bunaithe ar chruth agus ar mhaisiú foirgnimh Gotacha nó Clasaiceacha. **nó**
(b) Dear agus déan i gcré dealbh bunaithe ar bhean Aifreacach ag iompar beartanna/árthach/earraí eile ar a ceann. Is féidir leat dealbh a dhéanamh d'fhíor iomlán nó an ceann leis féin nó an ceann agus na guaillí. **nó**
(c) Dear, corn nó leacaigh nó múnlaigh dhá shoitheach beag nó bíocair. Ba chóir don dá cheann teacht le chéile mar leagan gréithre ó thaobh an radhairc de ach ba chóir go mbeadh éagsúlacht eadartha i n-airde, i ndéanamh, i ndath i n-inneach agus i maisiú. Is féidir leat, cornadh, leacadh agus múnú, a dhéanamh i gcuideachta más mian leat.

[Ní cóir dul thar 25 cm sa toise is mó i (a), (b) agus (c) thuas]

TÁBHACHTACH:

- (1) **NÍ MÓR CRÉ-EARRAÍ A BHÁCÁIL. MAISITHE DE RÉIR MAR IS FÉIDIR, LE GLONRAÍ, LE SLEAMHNÁIN NÓ LE HOCSAIDÍ. NÁ PÉINTEÁIL AGUS NÁ VEARNAISEÁIL ACH EARRAÍ A BÁCÁILTEAR GO TIMPEALL 1000 C. IS CEADMHACH ÁBHAIR EILE A CHUR LEIS AN BPÍOSA CRÍOCHNAITHE MÁ S MIAN LEAT.**
- (2) **NÍ CHÓIR GLOINE BASCTHA A SPRÉ AR PHOTAÍ NACH BHFUIL BÁCÁLTA.**

9. BRÓIDNÉIREACHT

Roghnaigh CEANN AMHÁIN de na grúpaí smaointe seo mar spreagadh do phainéal cearnógach nó dronuilleogach nó painéal quatrefoil, bróidnithe le appliqué agus le ar a laghad trí ghreim éagsúla, 30cm sa toise is mó.

- (a) ciorcail laistigh de chiorcail, dronuilleoga laistigh de dhronuilleoga, dubh ar dhubh, bán ar bhán, inneach agus míne.
- (b) maighdean(a) mara, sireana, mairnéalaigh longbhríste, muirghlas, turcaidghorm, cáitheadh farraige, crithloinnir, glioscarnach.
- (c) faoi mhiocrascóp, mionorgánaigh a fhásann go tapaigh, cealla, planctan, caonach, smáil agus striceachta datha, spirogiro.

NÓ

Dear agus déan bróidnéirecht rilífe de:

(i) iasc iomlán nó (ii) sailéad nó (iii) milseog cóirithe go healaíonta, ar phláta nó ar thrinsiúr. Déan iarracht éifeacht chéadfaíoch agus inite a bheith ar an mbia a léiríonn tú. Ba chóir an rilíf a dhearadh len é a chuir ar taiséaint ar chlár boird nó é a chrochadh ar na mballa.

N.B. Is féidir coirníní, stuáil, uigeachtaí etc. a úsáid.

10. SNOÍDÓIREACHT ADMHAID

- (a) Snoigh sa chruinne deilbh bunaithe ar dhealbhóireacht na sean-Éigiptigh.

NÓ

- (b) Dear agus snoigh i rilíf plaic dár teideal "Féinphortráid". Is féidir leis a bheith ina aghaidh nó ina leathaghaidh. Cuir béim, i do rilíf, ar éagsúlachtaí innigh an dromchla.

[Ní cóir dul thar 25cm sa toise is mó i (a) agus (b) thuas]

11. MIOTALÓIREACHT

- (a) Dear agus déan lógó a bheadh oiriúnach do dhoras seomra eolaíochta, bunaithe ar an smaoineamh 'Fisic' nó 'Ceimic'. Déan gluaiseacht a chruthú i do dhearadh. Bain úsáid as miotail agus cruain oiriúnacha.

NÓ

- (b) Dear agus déan bosca miotail nó coiméadán uigeach agus sean-chásanna mar spreagadh agat.

NÓ

- (c) Dear agus déan sa chruinne dealbh bunaithe ar "An Boghdóir", bain feidhm as stiallacha miotail agus sreang mhiotail.

[Ní cóir dul thar 25cm sa toise is mó i (a), (b) agus (c) thuas]

12. MÚNLÓIREACHT

Dear agus múnlaigh sa chruinne:

- (a) Dealbh dar teideal 'Neiptiún, Dia na bhFarraigí'. Is féidir leat deilbh iomlán nó leath dheilbh a dhéanamh (i.e. ceann, guaillí, géaga agus colainn).

NÓ

- (b) Dealbh bunaithe ar 'Itheann Éisc Mhóra Éisc Bheaga' nó 'Madra ith Madra'.

NÓ

- (c) Dear agus múnlaigh plaic rilífe, ciorcalach, dronuilleogach nó ubhchruthach dar teideal 'Féinphortráid'. Is féidir leis a bheith ina aghaidh nó ina leathaghaidh. Cuir béim, i do rilíf, ar éagsúlachtaí innigh an dromchla.

[Ní cóir dul thar 25cm sa toise is mó i (a), (b) agus (c) thuas]

NOTE:- Ní mór na múnlaí a dhéanamh le cré agus iad a theilgean nó iad a mhúnlú go díreach in ábhar ar bith a thriomaíonn go tapa nó iad a mhúnlú le cré agus a bhácáil agus, más mian leat é, iad a ghlonnú.